The Ark

Polar Bear & Penguin

le Paul Curley
& John Currivan



THEATRE
5+
AGES

Pacá Gníomhaíochtaí do Mhúinteoirí

the arts council an chomhairle ealaíon funding the arts

An Roinn Oideachais
Department of Education

Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath
Dublin City Council

Temple Bar Cultural Trust

draíocht

Branar Meitheal

Acmhainn bhreise do mhúinteoirí a ghabhann leis an léiriúchán *Polar Bear and Penguin* de chuid The Ark, a scríobh agus a léirigh John Currivan agus Paul Curley.

Na hábhair a fhiosraítear sa phaca seo: Litearthacht – Teanga ó Bhéal, Oideachas Sóisialta, Imshaoil agus Eolaíochta (OSIE) – Tíreolaíocht, Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS) – Mise agus an Domhan Mór.

Scríofa ag Joanna Parkes

Mír 1: **An Dráma a Thabhairt chun Cuimhne**
Mír 2: **Cairde Mídhóchúla**
Mír 3: **Feasacht ar an gComhshaol**

Aguisín 1: Cártaí ainmhithe ar Cairde Mídhóchúla iad
Aguisín 2: Laghdaigh, Athúsáid agus Athchúrsáil
Aguisín 3: Uisce a Chaomhnú
Aguisín 4: Fuinneamh - Cumhacht a Sholáthar dár Saolta

Eolas faoin bPaca seo:
Scríobhadh an paca gníomhaíochtaí don seomra ranga seo mar acmhainn bhreise do mhúinteoirí a fhreastalaíonn lena rang ar léiriú ar *An Béar Bán agus an Phiongain* ag The Ark

Cuspóir an Phaca Oideachais seo

- Deiseanna a sholáthar do leanaí, mar lucht éisteachta, a bhfreagairtí do agus dtuairimí faoi imeacht amharclannaíochta a athbhreithniú agus a mheas.
- Na leanaí a spreagadh ceangal níos dlúithe a dhéanamh le coincheap na gcairde mídhóchúla a chasann le chéile agus a chabhraíonn le chéile, in ainneoin go bhfuil siad an-éagsúil óna chéile.
- Na leanaí a spreagadh rudaí a chruthú, a cheapadh agus bheith ina scéalaithe iad féin.
- An dráma a úsáid mar ghríosú chun na leanaí a spreagadh aird níos mó a thabhairt ar an gcomhshaol agus ar an tionchar a imrímid ar an domhan timpeall orainn.

Conas an paca seo a úsáid:
Tá an dráma dírithe ar leanaí 5 bliana d'aois agus níos sine agus cuirtear réimse gníomhaíochtaí atá oiriúnach don aoisghrúpa seo ar fáil san ábhar a ndéantar cur síos anseo air dá bharr. Is féidir na smaointe go léir a chur in oiriúint, áfach, ag brath ar aois agus ar chumas an ghrúpa ranga ar leith.

Cuirtear tús sa phaca le gníomhaíochtaí machnamhacha agus le téamh suas. Nuair a chríochnófar iad seo, b'fhéidir gur mian leat na gníomhaíochtaí éagsúla a úsáid le pleananna ceachta iomlána a struchtúrú nó le gníomhaíochtaí aonair a phiocadh agus a roghnú, de réir mar a cheapann tú gur gá.

Is féidir na gníomhaíochtaí a ndéantar cur síos orthu a cheangal leis an gCuraclam Bunscoile:

- **Teanga Liteartha ó Bhéal** – Caidreamh cumarsáideach a fhorbairt tríd an teanga agus an Teanga a Fhiosrú agus a Úsáid,
- **Oideachas Sóisialta, Imshaoil agus Eolaíochta (OSIE) – Tíreolaíocht –** Timpeallachtaí nádúrtha
- **Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS) – Mise agus an Domhan Mór –** Saoránacht a fhorbairt.

Tá súil againn go mbaineann tú taitneamh as an bpaca seo a úsáid agus go gceapann tú go bhfuil sé áisiúil. Más mian leat aon aiseolas nó íomhánna a roinnt linn, bheadh gliondar croí orainn dá ndéanfá teagmháil linn ag TheArkDublin@gmail.com

Mír 1: An Dráma a Thabhairt chun Cuimhneand

Plé Ranga

Fiafraigh den rang cad a gcuimhníonn siad air ón dráma;

- Cad a chuimhníonn sibh faoin dá charachtar sa dráma?
- Cén tráth ba mhó a thaitin libh?
- Ar tharla aon rud greannmhar?
- Ar tharla aon rud brónach?
- Ar tharla aon rud scanrúil?

- **A nDifríochtaí:** Nuair a chas an Béar Bán agus an Phiongain ar a chéile ar dtús, bhí siad ag caint faoina ndifríochtaí – cad a thug sibh faoi deara? Cén difríochtaí atá eatarthu?

  Cad a dúirt siad faoina chéile?

  Dúirt an Béar Bán, "Tá mise níos mó agus níos láidre"

  Dúirt an Phiongain, "Tá mise níos tapúla agus níos cliste"

  Dúirt an Béar Bán, "Tá fiacla fada agus crúba láidre agamsa"

  Dúirt an Phiongain, "Tá gob mór agus bolg mór agamsa"

- **A gCosúlachtaí:** An bhfuil aon rud cosúil idir an dá charachtar? Cad iad na rudaí céanna atá acu? Mar shampla; ..... is aoibhinn leo iasc a ithe, cónaíonn siad i dteach oighir nó in íoglú, maireann siad i dtír fhuar, maireann siad i ngar don fharraige, maireann siad leo féin, taitníonn sé leo bheith ag canadh agus ag damhsa ..... aon rud eile?

- **Scéalta grinn na piongaine** - Thaitin sé leis an bpiongain scéalta grinn a insint – an cuimhin libh na codanna greannmhara?

  What does the sea do when it sees his friends? ..... It waves!
  What did 1 eye say to the other? ..... Between you and me something smells!
  What kind of room has no doors? ..... A mushroom!
  Why was 6 afraid of 7? ..... 7, 8, 9! (seven ate nine)

Smaoinigh – Cuir i mBeirteanna – Roinn – Ar tháinig athrú ar an mBéar Bán agus ar an bPiongain i rith an dráma?
Iarr ar an rang smaoineamh faoi na ceisteanna seo a leanas leo féin, i mbeirteanna ansin, agus a bhfreagairtí a roinnt;

- Cad a cheap an Béar Bán agus an Phiongain faoina chéile ag tús an dráma?
- Ar tháinig athrú air sin ag amanna éagsúla sa dráma?
- Cad a cheap siad faoina chéile ag deireadh an dráma, dar libh?
- An gceapann sibh go gcasfaidh siad lena chéile arís?

Mír 2: Cairde Mídhóchúla

Fiú cé go bhfuil an Béar Bán agus an Phiongain an-difriúil agus nach mbíonn muinín acu as a chéile ag tús an dráma, déantar cairde díobh agus cabhraíonn siad lena chéile. Conas a chabhraigh siad lena chéile?

Inis don rang nach bhféadfadh béar bán agus piongain casadh lena chéile sa domhan nádúrtha, i bhfírinne. Fiafraigh díobh an fios dóibh an fáth nach bhféadfaidís casadh lena chéile? (d'fhéadfadh cruinneog a bheith áisiúil). Maireann an Béar Bán i dtíortha fuara ag barr an domhain, san Artach. Maireann an phiongain in áiteanna fuara ag bun an domhain, in Antartaice. Má chaithimid súil ar an gcruinneog, tuigfimid nach bhféadfaidís casadh lena chéile i ndáiríre ach is féidir le rud ar bith tarlú i scéal nó i ndráma agus, dá bharr, is féidir le béar bán agus piongain casadh le chéile, bheith cairdiúil le chéile agus cabhrú le chéile.

<u>Cén ainmhithe mídhóchúla eile a d'fhéadfadh bheith cairdiúil le chéile?</u>

Beirt chairde an-mhídhóchúla - an Leon agus an Luch

Seo leagan d'fhabhalscéal cáiliúil Aesop faoi luch bheag a thugann cabhair mhór do leon maorga. Léigh an scéal seo, a bhfuil 2 dheireadh éagsúla leis, don rang agus iarr orthu an féidir leo smaoineamh faoi aon deirí eile leis an scéal.
Bhí leon an-mhaorga ann fadó a cheap go raibh sé níos fearr ná na hainmhithe go léir eile i Sabhána agus, mar sin, choimeád na hainmhithe go léir eile glan amach uaidh. Bhí sé ina chodladh lá grianmhar agus bhraith sé rud éigin ag rith thar a lapa. "A thiarcais! Cé atá ag rith thar mo lapa?", a scread sé agus dhún sé a lapa ollmhór agus rug sé ar luch bheag bhídeach chúthail. "Ó, tá fíorbhrón orm, a Mhórgacht, a Uasail Leon", a lig an luch bheag de scréach bheag as. "Luch bheag!", a dúirt an leon, "nach dána gur dhúisigh tú mé! Táim chun tú a ithe mar bhéile beag lá na maidine". "Ná hith mé,

le do thoil, a Mhórgacht, a Uasail Leon. B'fhéidir go mbeidh mé ábalta cabhrú leat lá éigin", arsa an luch. Cheap an leon go raibh sé seo an-ghreannmhar agus thosaigh sé ag gáire, "Ó, tá sé sin an-ghreannmhar, níl ionat ach luch bheag bhídeach – conas a *d'fhéadfá* cabhrú liomsa, an t-ainmhí is mó, is láidre, agus is cróga? Ná bí amaideach! – ní fhéadfá cabhrú liom riamh. Ach ba mhór an spraoi thú agus scaoilfidh mé leat mar sin." Nuair a bhí an luch ag rith ón leon, dúirt sé, "Fan go bhfeicfidh tú, b'fhéidir go mbeidh mé ábalta cabhrú leat lá éigin."

Tá dhá dheireadh éagsúla leis an scéal seo:

Leagan 1: D'éirigh an leon sáite cúpla lá ina dhiaidh sin in eangach shealgaire. Gach uair a rinne sé iarracht níos mó éalú, d'éirigh an eangach níos teinne. Bhí sé chomh feargach agus chomh cantalach gur lig sé búir ghlórach as. Chuala an luch a bhúir agus rith sé chuige agus thosaigh sé le greamanna a bhaint as an eangach chomh tapa agus a bhí sé ábalta a dhéanamh agus scaoileadh an leon ón eangach tar éis tamaill.
"Sin a bhfuil, a Mhórgacht", a dúirt an luch bheag, "Tuigeann tú anois gur féidir le fiú luch bheag cabhrú le leon mór".
"Go raibh maith agat, a luch bheag", a dúirt an leon, "Thug tú slán mé. Ní dhéanfaidh mé magadh faoi ainmhí eile riamh."

Leagan 2 Bhí an leon ag siúl lá amháin faoi chrann agus chuaigh dealg mhór isteach ina lapa. Rinne sé a sheacht ndícheall ach níor éirigh leis an dealg a bhaint. D'éirigh a lapa níos pianmhaire gach uair a rinne sé iarracht siúl. "A thiarcais!", a dúirt sé, "mura féidir liom siúl, ní féidir liom rith agus ní bheidh mé in ann breith ar aon chreach agus ní bheidh aon rud le hithe agam mar sin. Cad a dhéanfaidh mé?" agus thosaigh sé le búir a ligean de mar gheall ar an bpian agus an frustrachas. Tháinig an luch bheag go cróga i dtreo an leoin go mall. "Fan socair, a Mhórgacht", arsa an luch agus bhain sé an dealg go han-

mhall agus go han-chúramach as lapa mór an leoin. "Sin a bhfuil, a Mhórgacht", a dúirt an luch bheag, "Tuigeann tú anois gur féidir le fiú luch bheag cabhrú le leon mór". "Go raibh maith agat, a luch bheag", a dúirt an leon, "Thug tú slán mé. Ní dhéanfaidh mé magadh faoi ainmhí eile riamh."

Is é an ceacht atá le baint as an scéal ná gur féidir le duine ar bith cabhair a thabhairt, is cuma cé chomh beag a bhíonn siad agus nach gcuirtear an cineáltas amú riamh.

Smaoinigh – Cuir i mBeirteanna – Roinn - Bhur mBabhta – Conas a bhí an luch ábalta cabhrú leis an leon?
Iarr ar an rang an féidir leo smaoineamh ar aon rud eile a bhí an luch bheag ábalta a dhéanamh chun cabhrú leis an leon.
Spreag iad smaointe a roinnt leis an duine taobh leo agus a moltaí a roinnt ansin leis an rang.
Rinneadh na moltaí seo a leanas roimhe seo;

- Tochas ar chúl mhuineál an leoin a thochas
- Snaidhmeanna i bhfolt gruaige an leoin a scaoileadh
- Fiacla an leoin a ghlanadh 'go cúramach' (caithfidh an luch a bheith an-chróga agus an-mhuiníneach!)
- Driseacha a bhaint d'eireaball an leoin.
- Gruaig an leoin a scuabadh
- Cluas an leoin a thochas.

Gníomhaíocht Líníochta: Fiafraigh den rang ar mhaith leo pictiúr a tharraingt ar a dtaispeántar na rudaí is féidir leis an luch bheag a dhéanamh chun cabhrú leis an leon maorga nó cárta buíochais speisialta a tharraingt a thabharfadh an leon don luch.

Gníomhaíocht Scéalaíochta: Cén ainmhithe mídhóchúla eile a d'fhéadfadh cabhrú agus bheith cairdiúil lena chéile?
Abair leis na leanaí gurb é a mbabhta anois é bheith ina scéalaithe. Cuir i mbeirteanna nó i ngrúpaí beaga iad agus fiafraigh díobh an féidir leo roinnt bealaí samhlaíocha agus cruthaitheacha ina bhféadadh na hainmhithe seo a leanas cabhrú lena chéile



An féidir le ..... hulchabhán cabhrú le ..... moncaí
eilifint cabhrú le ..... ochtapas
gráinneog cabhrú le ..... cangarú
míol mór cabhrú le ..... toirtís
laghairt cabhrú le ..... iora?

nó aon mheascán eile nó aon ainmhí eile?

Féach na cártaí pictiúir de na hainmhithe a mholtar atá ar ceangal – Aguisín 1

Cluiche na gCairde Mídhóchúla:
Cuir cúpla sraith de na pictiúir de 10 n-ainmhí i gcló atá in Aguisín 1, déan iad a lannú agus gearr gach pictiúir d'ainmhí amach. Iarr ar na leanaí i ngrúpaí beaga cártaí na n-ainmhithe a chur ar an deasc agus tosach an chárta faoi. Abair leo 2 cheann de na cártaí a iompú thart agus caithfidh smaointe rith leis na leanaí chomh tapa agus is féidir faoi conas is féidir leis an dá ainmhí cabhrú lena chéile.

Mír 3: Feasacht ar an gComhshaol

Na hoighearchaidhpeanna atá ag leá

Tá an Béar Bán agus an Phiongain sa dráma ag éirí buartha mar gheall go bhfuil an t-oighear ag leá timpeall orthu agus nach fios dóibh an fáth atá leis seo. Tá siad buartha faoi athruithe atá ag teacht ar a dtimpeallacht a dhéanann difear dá saol laethúil.

Abair leis an rang go gcaithfimid go léir bheith níos feasaí ar conas is féidir lenár ngníomhartha tionchar a imirt ar an domhan timpeall orainn. Tá 3 PDF ag gabháil leis an bPaca Gníomhaíochtaí seo ar féidir iad a úsáid leis na leanaí a spreagadh bheith níos feasaí ar an gcomhshaol;

Aguisín 2: Laghdaigh, Athúsáid agus Athchúrsáil
Aguisín 3: Uisce a Chaomhnú
Aguisín 4: Fuinneamh - Cumhacht a sholáthar dár saolta

Tá ceisteanna thráth na gceist agus gníomhaíochtaí sna taispeántais PowerPoint seo ar féidir iad a úsáid chun na gnéithe éagsúla seo d'Fheasacht ar an gComhshaol a fhiosrú.





Cad is féidir leatsa a dhéanamh?

- Iarr ar na leanaí smaoineamh faoi rud amháin atá siad ábalta a dhéanamh chun aire a thabhairt don domhan timpeall orthu agus póstaer a tharraingt leis an smaoineamh seo a roinnt le daoine eile.

Cúpla smaoineamh:

- Tabhair aire do do bhréagáin agus nuair a bhíonn tú críochnaithe le súgradh leo, tabhair do dhuine éigin eile iad chun gur féidir leo súgradh leo.

- Múch soilse agus gléasanna nuair nach mbíonn siad á n-úsáid agat.

- Déan an méid is mó athchúrsála agus is féidir leat – cuimhnigh, is féidir athchúrsáil a dhéanamh ar pháipéar, cannaí, cannaí stáin, potaí agus buidéil phlaisteacha atá tirim agus glan.

- Úsáid ábhair athchúrsáilte chun rudaí a tharraingt agus a phéinteáil agus gníomhaíochtaí ealaíne agus ceardaíochta a dhéanamh.

- Múch an sconna nuair a bhíonn d'fhiacla á scuabadh agat – má dhéanaimid go léir athruithe beaga, is féidir leis difríocht mhór a dhéanamh.

Aguisín 1 - Cairde Mídhóchúla



	
	

Aguisín 2: Laghdaigh, Athúsáid agus Athchúrsáil

PDF

Powerpoint

Aguisín 3: Uisce a Chaomhnú

PDF

Powerpoint

Aguisín 4: Fuinneamh - Cumhacht a sholáthar dár saolta

PDF

Powerpoint